Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/14

11.1.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 35/2021**

**an 5 Feabhra 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/14]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1764 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na córais infheidhme chun seasmhacht feidhmíochta fearas balastráide agus fearas ráille atá beartaithe lena n-úsáid in oibreacha foirgníochta chun titimí a chosc amháin nach mbíonn ualaí ingearacha an struchtúir á n-iompair acu a mheasúnú agus a fhíorú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1zzn (Cinneadh Tarmligthe (AE) 2018/771 ón gCoimisiún) de Chaibidil XXI d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'1zzo. **32019 D 1764**: Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1764 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na córais infheidhme chun seasmhacht feidhmíochta fearas balastráide agus fearas ráille atá beartaithe lena n-úsáid in oibreacha foirgníochta chun titimí a chosc amháin agus nach mbíonn ualaí ingearacha an struchtúir á n-iompair acu a mheasúnú agus a fhíorú, (IO L 270, 24.10.2019, lch. 81).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1764 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Feabhra 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4q*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 270, 24.10.2019, lch. 81.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Feabhra 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Clara GANSLANDT